# Cluiche Caide





An sár-pheileadóir Micheál Ó Conaill ag lascadh na caide

Ní gheibheadh lá thar bráid, go mor mhór sa tsamhradh agus an ghrian go hárd sa spéir ná go mbíodh cluiche caide againn. Is dócha nach caid ba cheart dom a rá mar is liathróid bheag rubair a bhíodh againn a bhí ar aon toirt le sliotar na gcamán. Is minic a húsáidtí a leithéid de liathróid ag imirt liathróid láimhe.

Bhíodh ó rang a trí anuas go dtí na naíonáin bheaga á himirt seo. Caid leathair a bhíodh ag na buachaillí móra. Théidís san síos go duimhche na Feothanaí ag imirt. Amuigh ar bhóthar Bhaile an Mhúraigh a bhíodh an cluiche againne.

Seo mar a cuirtí na fóirne le chéile. Sheasaíodh beirt gharsún ón dtríú rang amach os comhair a chéile. D'ainmníodh gach buachaill acu so a rogha féin imreora ar a sheal nó go mbíodh gach buachaill síos go dtí na naíonáin bheaga ainmnithe ar thaobh amháin nó ar thaobh eile.

Clocha a bhíodh a' marcáil na mbáidí againn. Bhíodh dhá chloch acu so ag béal bhóthair Bhaile an Mhúraigh isteach ón mbóthar nua agus an dá chloch eile láimh le cúinne an lúibín. Ní raibh gluaisteáin ná trucanna a' cur isteach orainn an uair úd mar ná rabhadar aon phioc chomh flúirseach is atáid inniu, ach fo-chairt is capall a ghabhadh thar bráid, a' tabhairt a n-aghaidh b'fhéidir ar shliabh Bhaile Ghainnín Beag a' triall ar phota móna.

Ní bhíodh aon réiteoir ar a' gcluiche ná aon mhaor líne. Ráil na scoile ar thaobh amháin agus falla an Áruis ar a' dtaobh eile. Ní lú ná san bhíodh lán-thosach ná lán-chúl ar aon fhoireann ach gach éinne a' leanúint na liathróide ó bháide amháin go báide eile..... sé sin gach éinne ach an dá chúl báire.

Bhíodh an dá chúl báire pioctha go haireach. Bhí sé tabhachtach bheith mór chun an t-ionad san a líonadh. Mar nuair a bhíodh "bulc" i mbéal a' bháide, dá ráineodh go n-éireodh leis a' dtaobh eile an rall a shá laistiar de líne an chúil, bheadh báide acu san. Mar sin bhí sé thar a bheith tabhachtach buachaill teann láidir a bheith sa bhearna baoil.

Ní chuirfeadh a' "bulc" aon rud i gcuimhne dhuit ach an "scrum" a bhíonn i gcluiche rugbaí. D'fhiafródh duine dhuit conas a thárlódh "bulc" nárbh fhearr do dhuine an liathróid a chur de go tapaidh? Bhuel tá san ceart ach dá mbeifeá aon bhuille mall a' scarúint leis a' liathróid, bhí fiche duine bailithe ort de gheit. Ansan bheadh crúca gach éinne a' déanamh ar an ionad go raibh an liathróid. Ansan an duine leis na hiongairí ba ghéire a' scríobadh agus a' scramhadh. Bheadh leo san de ghnáth.

Bheadh buachaill a' déanamh ar a' mbáide. Gan dabht thabharfaí snap fé d'fhonn é a stad. Ach is minic a bheadh pléasc de dhorn fachta sa phus agat dá bhárr agus báide fachta id' choinnibh isteach sa mhargadh.

Dá n-imeodh an liathróid os cionn na cloiche agus ná beadh sí ar fóraíl ná 'na báide, bhéiceadh an fear báide "over the stone". Is minic a bhíodh deargáiteamh mar gheall air seo.

Fé mar a dúrt ar dtúis ní raibh puinn rialacha sa chluiche so ach na gaiscígh ba láidre agus ba chrua in uachtar. Is minic a bhíodh achrann mar gheall ar an scór mar toisc ná bíodh aon mholtóir ann, bhíodh a chomhaireamh féin ag gach éinne mar a oireadh dhóibh.

[Sliocht as *A Thigh ná Tit Orm* le Maidhc Dainín Ó Sé]

## Ceisteanna

| Fíor nó Bréagach Cuir isteach ✔ sa bhosca ceart. | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| 1. Liathróid cheart leathair a bhíodh acu sa chluiche. | | |
| 2. Bhíodh na cailíní ag imirt leis na buachaillí. | | |
| 3. Beirt ón dtríú rang a phiochadh na fóirne. | | |
| 4. Bhíodh trácht ana-throm ar a' mbóthar. | | |
| 5. An cúl báire an t-imreoir ba thabhachtaí ar a' bhfoireann. | | |
| 6. Bhí an "bulc" cosúil le scrum an rugbaí. | | |
| 7. Ní raibh an cluiche garbh in aon tslí. | | |
| 8. An múinteoir a bhíodh mar réiteoir. | | |

## Ráiseanna Capall



Bhíodh ráiseanna móra ar Thráigh Fionntrá. Bhídís ann i bhfad roimis an nGorta agus leanadar ann go dtí le déanaí. Bhíodh ráiseanna capall agus ráiseanna bád ann. Bhíodh an-ráiseanna capall ann. Thagadh capaill ráis Chiarraí ann agus thagaidís ó Chontae an Chláir.

Bhíodh léimeanna do na ráiseanna capall ann agus cúrsa fada orthu. Rithidís cúrsa na trá siar agus aniar agus siar agus aniar arís. Bhí cúrsa dúbalta ar na capaill. Aistríodh na ráiseanna blianta ó shin go dtí an Daingean.

Bhíodh lúthchleasaíocht i bhFionntrá: léim ard, léim fhada, léim choirp, trí léim as corp, agus rás fear. Bhíodh lucht cleas agus bacaigh go flúirseach ann.

Théadh gach éinne ar na ráiseanna ón gceantar timpeall. Thagadh a lán daoine ar chapaill iallaite ann, na mná ar cúlóig laistiar de na fearaibh. Ba mhór an bailiú daoine a bhíodh i gCeann Trá agus ar an dtráigh lá na ráiseanna roimis an nGorta. Ba mhór an lá scléipe agus cuideachtan é. Bhíodh amhráin bhreátha Gaeilge á gcanadh ins na tithe óil. Bhíodh lá ráis ina lá mór óil ag an seandhream.

Ba mhór an cur síos a bhíodh ag seandaoine blianta ó shin ar lá ráis chapall na mBan Husaech. Mná uaisle ab ea na Husaeigh seo. Bhí cuid mhaith talún acu i gCill Fhionntain mar a rabhadar ina gcónaí. Bhí gaol gairid acu leis na Husaeigh, athmháistrí. Bhí stail ráis timpeall na bliana 1835 ag na mná Husaecha ag rith i rás ar thráigh Fionntrá. I ndeireadh an ráis bhí sé idir chapall ráis le Seán Ó Conaill ó Chnoc Éanna, Ard Fhearta, Ciarraí Thuaidh, agus capall na mBan Husaech. Thángadar isteach meig ar mheig. Ritheadh an rás ansan arís, agus an turas so tharraing capall na mBan Husaech an rás.

Buachaill aimsire a bhí acu, Séamus Óg Ó Muircheartaigh, an marcach a bhí ag na mná Husaecha. Chuireadar suas an buachaill aimsire ina dhiaidh sin. Thugadar feirm mhaith

thalún dó i gCill Fhionntáin. Bhí an-ghéim ráis ins na mná Husaecha agus níor bhfhearr leo Eire a bhronnadh orthu ná an chraobh a bhaint amach sa rás mór capall ar thráigh Fionntrá.

Na ráiseanna bád a bhíodh acu sa chuan, báid ochtair a bhíodh acu. Deirimse leat go mbíodh tiomáint ag na báid ins na comórtaisí ráis, agus fir thofa iontu.

Lá áirithe bhí sean-bhacach ar an dtráigh agus ghaibh capall thairis sa rás, agus í chun tosaigh. Chaith sé a hata san aer agus ar sé os ard: "Mhuise mo ghraidhin do scuabadh, a Uíbh Ráthaigh!" Ó Uíbh Ráthach ab ea an capall.

Tráthnóna bhíodh rincí ar siúl ar dalladh ag an gcrosaire, veidhleadóirí agus píobairí ag seimint don rince. Bhíodh rince ar dhuimhich Cheann Trá, leis.

Nuair a deineadh an bóthar nua poiblí trí Cheann Trá, bhíodh an rince ar siúl ag Crosaire Cheann Trá i lár an bhaile ar phaiste fairsing ar thaobh an bhóthair.

Sa bhliain 1842 bhuaigh capall ráis le Tomás Risteaird Grainbhéal rás. Gabha ab ea é agus bhí féar trí mba de Bhaile Eaglaise aige agus féar bó i mBaile an Fheirtéaraigh. Laighin ó Bhaile Eaglaise a bhí mar mharcach aige. Rás tábhachtach ab ea é seo. Mac le Donncha Ó Laighin ab ea é agus thugtaí an "Balcaire" air. Bhí sé ina mharcach, leis, ag Micí Mac Dónaill, Imeall Fheá, agus thóg sé rás dó. Bhí féar trí mba ag athair an Laighnigh seo. D'ímíodar go léir go Meiriceá sa Ghorta.

Timpeall Lá 'le Michíl a bhíodh ráiseanna Fionntrá ann. Bhíodh bruíonta bataí ar siúl ag na ráiseanna ar dalladh.

I Ráiseanna Fionntrá timpeall na bliana 1880, bhuaigh Gearaltach ó Leataoibh Beag rás na bhfear. De Ghearaltaigh Dhubha na Leataithe ab ea é. Bhíodar ainmnithe chun lúith agus gaisce. Bhí an fear seo ina bhuachaill aimsire ag Micí Mac Dónaill, Imeall Fheá, baile a bhí ina chóngar. Deireadh Micí nuair a bhuaigh an Gearaltach an rás: "Mo ghrá do chos nár chaill riamh orm".

Sa bhliain 1880 bhí rás naomhóg i gCuan Fionntrá. Bhuaigh naomhóg ón Oileán Tiar an rás mór. Dhein Seán Ó Duinnshléibhe, an file, amhrán ag moladh naomhóg an Oileáin. "An Beauty" an ainm a bhí ar an naomhóg. "Beauty Deas an Oileáin" a deirtear go minic. Tá an t-amhrán i nDuanaire Duibhneach.

[Ón Leabhar *Paróiste an Fheirtéaraigh* le Tomás Mac Síthigh]

## Seanfhocail

Bíonn cead cainte ag fear caillte na himeartha.

---

I ndeireadh na hoíche a screadann an fíor-chearrbhach.

---

Súil le breith a chailleann an cearrbhach.

---

Is maith an t-iománaí an té a bhíonn ar an gclaí.

## Rás



Nuair a bhí an tAifreann thart bhogamar siar faoin mBuailtín agus is ansin a thosnaíonn mo scéal.
An-chairde go deo liom a b'ea Pataí Ó Budhlaéir, Seán Bán Ó Mainín agus Paddy an Oileáin Ó Catháin, faoi mar a ghlaoimis air. D'fhásamar suas le chéile agus an rud nach mbíodh ag duine againn thugadh an fear eile dó é: "nuair is gainne déirc is ea is fusa í a roinnt."

Fear mór cleas a b'ea Seán Bán agus dá gcuirfeá geall leis go rabhais ag tabhairt faoin *South Pole* chuirfeadh sé geall leat go mbeadh sé féin ann romhat. Ach bhí aon rud amháin á mharú agus b'é sin: conas nach bpioctaí é aon uair ar fhoireann chaide na Gaeltachta agus Pataí agus mise a bheith dár bpiocadh ann i gcónaí?

"Ambaist," ar seisean, "chaithfear mise a phiocadh chomh maith libh as seo amach."

Tá a fhios ag Dia ná dúirt éinne faic. Choimeádamar greim ar ár dteanga. Is dócha gur ag magadh fúinn a bhí sé mar bhí an diabhal air.

"Dhera, d'anam 'on diabhal," arsa Pataí, "nó níor bhuailis-se aon chaid riamh ná níor rithis aon rás riamh."

Níor bheag sin. Bhí dúshlán tugtha faoi Phádraig láithreach.

"Cuirfead-sa geall leatsa," ar sé, "go mbainfidh mé amach bóthar an Fhearainn romhatsa, treasna na gcurraithe síos."

Ar m'anam gur chuir Pádraig an geall leis agus dúirt sé leis go raghadh sé ina choinne agus go mbainfeadh sé féin amach bóthar an Fhearainn roimhe. Bhí a fhios agam féin go mbeadh Pádraig rómhaith sa rás dó ach bhí a fhios agam leis gur mó cleas a bhí i gceann Sheáin Bháin agus go raibh a shlí féin déanta suas aige.

Beartaíodh go dtosnódh an rás ar a haon a chlog agus go dtosnódh sé sa ghort lasmuigh de thigh Phádraig, síos i dtreo na gcurraithe agus na ngort, amach ar bhóthar na nGort nDubh, agus ó thuaidh arís treasna na sliabh garbh agus an chéad duine a bhainfeadh amach bóthar an Fhearainn sin é a gheobhadh an geall.

Thug Pádraig faoin a thigh féin ag ithe agus shiúlas féin agus Seán Bán an bóthar siar mar ar shuíomar ar chlaí ag tigh an táilliúra. Is mó rud a bhí ag rith trí cheann Sheáin agus sinn ag caint le chéile.

"Dhera, d'anam 'on diabhal, a Sheáin," arsa mise leis, "cad iad na speabhraidí a tháinig ort, nach ndéanfadh sé siúd file caoch díot? Nach bhfuil sé siúd ina Ronnie Delaney?" Bhí an-trácht ar siúd san am sin.

"Éist-se anois, a Ger, a bhuachaill," arsa Seán liom, "tá plean agamsa chun buachaint air." Nach bhfuil dhá chapall agatsa ansiúd sa ghort in aice le bóthar na nGort nDubh?"

"Tá," arsa mise leis.

"An bhfuil a fhios agat cad a dhéanfar dom? Tabhair leat soir srian agus buail ar an gceann is fearr é agus bíodh sí ullamh agat nuair a gheabhadsa chugat. Beidh mé stair roimhe amach ag déanamh ar na Gorta Dubha má fhéadaim agus ní bheidh le déanamh

agam ach dul ar a dhroim agus béarfaidh sí léi go tapaidh mé go dtí teora an Fhearainn. Ní chífidh sé siúd in aon chor mé mar beidh sé istigh sna curraithe fós."

"A, i gcuntais Dé," arsa mise leis, "nach shin rógaireacht agus níor mhaith liom a leithéid a dhéanamh le Pádraig. Ní dhéanfad é."

"Má theastaíonn uait oíche mhaith a bheith anocht againn dein rud orm," arsa Seán.

Ar mo leabhar, nuair a chuala féin "oíche mhaith againn" á lua aige tháinig gach aon unsa rógaireacha a bhí istigh ionam amach tríom, faoi mar a thiocfadh feasóg amach trí dhuine.

"Alright mar sin. Beidh ceann de na capaill faoina srian ann romhat."

Chuas abhaile agus d'itheas agus nuair a bhí sé ag tarraingt ar am an ráis chuas agus rugas ar an gcapall agus chuireas srian uirthi agus cheanglaíos de thor í. Chuas in airde ar chlai agus d'fhéachas suas i dtreo Bhaile an Fhirtéaraigh. Chonac triúr nó ceathrar istigh sa ghort go rabhadar le tosnú ann. Ba ghearr nach raibh ann ach beirt agus chonac go rabhadar scaoilte faoi. Ghlanadar an claí ag bun an ghoirt agus isteach leo sna curraithe.

"Anois a bheidh an triail ort, a Sheáin a dhiabhail," arsa mise liom féin.

Chonach chugam iad fad mo radharc uaim an bheirt acu, coiscéim ar choiscéim sa chosán céanna uaireanta. Théadh fear acu i bpoll agus sula mbíodh sé tagtha as bhíodh an fear eile imithe deich slat eile roimhe amach. Agus nuair a théadh an fear a bhíodh chun tosaigh i bpoll d'athraíodh an fear a bhíodh ina dhiaidh go dtí cosán eile agus mar sin dóibh i dtreo go rabhadar an-scaipthe ó chéile ar deireadh, gach éinne agus a chosán féin aige. Ní fhéadfá a dhéanamh amach pén duine acu a bhí chun tosaigh. D'imíodar isteach i bpaise mór giolcaí agus chailleas radharc orthu go gceann tamaill. Ansin chonac duine acu ag nochtadh chugam. B'é Pádraig a bhí ann.

"Tá tusa, a Sheáin, i do chac asail aige," arsa mise liom féin, "pé pleananna a bhí agat chun buachaint air." Ach ní raibh, mar chonac Seán agus a chosán athraithe arís aige agus é deighilte amach uaidh agus é ag rith ar aon líne cliathánach leis. Bheadh seans fós aige. Bhíodar ag druidim liom anois agus gan puinn eatarthu. Dheineas liú ar Sheán Bán cor coise a bhualadh faoi. Ní raibh aon tslí eile anois chun buachaint air. Bhí a fhios agam go raibh deireadh leis. Bhí an oíche mhór úd a bhí le bheith agam féin is aige féin ag rith uainn.

Bhí na curraithe dóibh acu agus b'é Pádraig an chéad duine a chuir a chosa isteach i bpáirc an Mháirtínigh. Mar sin féin bhí Seán ar a shála. Chaithfinn an capall a scaoileadh chun siúil anois mar chífidh Pádraig é. Chaithfeadh sé amhras láithreach agus ní thabharfainn aon seans dó. Léim sé amach ar an mbóthar agus sall leis i dtreo bhóthar an Fhearainn, trí na goirt agus na curraithe arís. Nuair a bhí Seán ag déanamh orm is í an chéad rud a loirg sé orm ná feaig. "Ná bac do chuid feaigeanna. Bainfidh siúd an anáil díot," arsa mise leis. "Ní bhainfidh," ar sé, agus bhuail sé a dhream le claí agus thosnaigh á chaitheamh. "Buafaidh mé fós air," ar sé liom.

"Buafair mhuis," arsa mise leis, "cé hé tú féin: Bodach an Chóta Lachtna?" Agus leis sin d'imigh sé uaim arís i ndiaidh Phádraig ar séirse. Ach bhí Pádraig ag tarrach ar an bhFearann faoin am seo agus an rás ina dhorn aige. Bhí buaite ar Sheán. B'shin í an rás is mó ar bhaineas taitneamh riamh aisti.

Ní fheadar an rithfeadh aos óg na linne seo an cúrsa úd? Cé mhéid acu a sheasódh é go dtí bóthar an Fhearainn ón mBuailtín? Ní thriallfaidh éinne é go deo arís, is dócha. Deireadh Seán Bán liom féin ina dhiaidh sin go mbuafadh sé féin é ach gur chuaigh naoscach lena anáil i bportaithe na nGort nDubh.

## An Seana-Chluiche Caide

Bhíodh liathróid caide nó peile i ngach baile nach mór, agus bhíodh muintir an bhaile á bualadh in airde tráthnóna.

Ansan Dé Domhnaigh bhíodh dhá pharóiste ag imirt i gcoinne a chéile. Bhíodh gach paróiste ag iarraidh an chaid a thabhairt go dtí a pharóiste féin. Bhíodh gach aon fhear óna sé bliana déag go dtína daichead bliain d'aois san imirt. Uaireanta bhíodh fofhear os cionn a daichead ag imirt, fear a bhí go maith chun na caide agus é óg.

Bhíodh imirt idir dhá thaobh an pharóiste, leis, agus bhíodh gach éinne san imirt, ó



gharsún na ndeich mblian go dtí sean-duine na gceithre fichid. Bhíodh imirt idir dhá bhaile, leis.

Bhíodh ana-dhúil ag na daoine sa chaid agus ana-éirim iontu chuici agus chun gach saghas lúthchleasaíochta. Mí roim Nollaig agus le linn na Nollag, agus ar feadh mí tar éis na Nollag, a himrítí na cluichí caide. Bhíodh deireadh ansan léi. Bhítí ag coimeád na caide i mbaile áirithe seachtainí roimh ré. Nuair a thiocfadh an Domhnach a bhí ceapaithe chun na himeartha, bhuailfí in airde an chaid in áit áirithe, agus seo gach éinne ansan á bualadh chun a pharóiste féin. Ní bhíodh aon chomhaireamh ar na fir ach briseadh isteach. Dheineadh gach éinne a dhícheall san imirt. Théidís isteach ins na haibhnte i ndiaidh na caide agus ins na portaigh agus gach aon áit dá dtéadh sí chun buachtaint. Bhíodh cuid de na fir cosnochtaithe ag imirt, agus iad ina ndrársanna plainín. Bhí cuid de na fir seo chomh fiain ná hiarraidís aon bhróg. Rithidís trí chladaí na gcloch, spiaraí agus eile.

Bhí imirt mhór Domhnach idir pharóiste Mhárthain agus paróiste Múrach agus paróiste na Cille sa bhliain 1830, agus bhí 700 fear san imirt. Ag seanshéipéal na Carraige i bparóiste na Cille a caitheadh in airde an liathróid an Domhnach san. Ghaibh an imirt trí thráigh mhór fhada, Tráigh na Muirí. Thug muintir pharóiste Mhárthain an chaid leo ó pharóiste Múrach agus ó pharóiste na Cille. Ní raibh aon fhear ó pharóiste an Fheirtéaraigh ann an lá so. Tugadh an chaid an lá san go Baile an Fhíonaigh. Bhuail Seán O Conchúir, Baile Bhaithín, lascadh éachtach caide san imirt úd. Chuir sé ó sheanshéipéal na Carraige í síos go dtí Tráigh na Muirí, timpeall ceathrú mhíle, más fíor.

Bhíodh na mná ag féachaint ar na fir ag imirt. Bhíodh an chaid á himirt ar fhaiche mhór fhairsing sa Daingean, green an Daingin. Lá dá raibh imirt ann ráinig le Muirisín Beag de Lóndra ón mBaile Uachtarach Thiar a bheith ann, agus rug sé leis an chaid abhaile, naoi míle slí nó breis. Bhí ana-rith aige. Deiridís go mbéarfadh sé ar an moltachán ar an gcnoc le barr reatha. Chuaigh sé go Meiriceá ina dhiaidh sin.

B'fhéidir d'fhear ná beadh aon bhaint aige leis na paróistí a bhí ag imirt briseadh isteach dá ráineodh sé ann. Thabharfadh sé an chaid go dtína bhaile féin dá bhféadfadh sé.

Bhíodh cúigear fear nó deichniúr, agus as san go dtína cúigear déag ag imirt an chluiche trap i gcoinne a chéile. Bhíodh camán aitinn ag gach fear.

Dhéantaí poll cruinn sa talamh, sé orlach trasna, agus déanamh babhla air. Chuirtí lata beag adhmaid, seacht n-orlach ar faid agus dhá orlach ar leithead, síos ina leathsheasamh sa pholl. Trasnáinín a thugtaí air. Bhíodh cúpla orlach den dtrasnáinín os cionn talún. Thíos ag bun an trasnáinín a chuirtí an liathróid. De chorc agus de chlúmh bó a bhíodh an liathróid déanta nó de ruaimneach capaill. Bhíodh fear áirithe chun na liathróide a dhéanamh. Gheibheadh sé blúire de chorc ar dtúis, agus d'fhíodh sé an ruaimneach ar a chéile ina

duala timpeall ar an gcorc, go mbíodh liathróid ar cóimhéid sliotar iomána déanta aige.

Sara dtéadh an dá fhoireann ag imirt, chaití in airde pingin, féachaint cad é an dream a mbeadh tosach imeartha acu. Chuireadh gach aon imreoir pingin síos. Luach mór ab ea pingin sa tsaol úd. An dream a bhuadh caitheamh na pingine, théidís ar líne laistiar den bpoll, timpeall fiche slat amach uaidh. Bhíodh an fhoireann eile ina líne, fiche slat amach ón bpoll.

Théadh duine de na fir a bhuaigh an caitheamh go dtí an poll agus bhuaileadh sé ceann an trasnáinín lena chamán, agus nuair a bhuaileadh sé é d'éiríodh an liathróid tamall aníos. Sara mbaineadh an liathróid leis an dtalamh bhuaileadh sé í lena chamán go dtí an dream amuigh. Sin iad an dream a bhíodh ag imirt ina gcoinne. Dhéanaidís sin iarracht ar bhreith ar an liathróid le haon láimh amháin, sara mbaineadh sí leis an dtalamh. Dá dteipfeadh orthu san a dhéanamh, d'áireofaí a haon don bhfoireann a bhí ag bualadh amach na liathróide. Dá mbéarfadh an dream amuigh ar an liathróid chaillfeadh an fear istigh ag an bpoll a áit, agus thagadh duine eile dá dhream isteach.

A haon agus fiche ab ea an cluiche. A haon ab ea gach buille a chailleadh an dream amuigh. Ba dheacair a haon a dhéanamh. Leantaí leis an gcluiche ag bualadh na liathróide amach leis an gcamán, go dtí go mbíodh an dream go léir istigh críochnaithe. Mara mbeadh an cluiche buaite ag an gcéad dream a bhí ar an gcamán, raghadh an dream amuigh isteach go dtí an poll agus bheidís ag bualadh na liathróide amach fear ar fhear go dtí an dream ar mhalartaíodar ionaid leo.

Leanaidís mar sin go mbíodh an cluiche buaite ag taobh éigin. Nuair a bhíodh an dá fhoireann sin ullamh leis an gcluiche, théadh dhá fhoireann eile ansan ag gabháil dó, agus mar sin dóibh.

Ar fhaiche in aice le crosbhóthar a bhíodh an cluiche á imirt. Ar an nDomhnach a imrídís é. Bhíodh mórán daoine ag féachaint ar an imirt. Nuair a bhíodh dream ullamh leis an gcluiche théidís ag rince ag an gcrosbhóthar.

Bhíodh a dó nó a trí de chamáin aitinn ag gach imreoir ar eagla go mbrisfí aon cheann acu. Imríodh cuid mhaith trap ag, Mám na Gaoithe. Nuair a bhreáthaíodh an séasúr a thosnaídís an cluiche trap.



**Rince i gCé Bhréanainn 1935**



## Niall O Cuínn

Tá ana-spéis ag daoine i sacar, go mór-mhór le cúpla bliain anuas. Ó cuireadh Jack Charlton i gceannas ar fhoireann na hÉireann is mó fós an spéis atá ag daoine sa spórt so. D'éirigh le foireann na hÉireann dul chomh fada leis na babhtaí ceannais de Chorn na hEorpa i 1988 agus gan dabht bhí áird na tíre ar fad orthu san Iodáil i 1990 agus iad páirteach sna babhtaí ceannais de Chorn an Domhain don gcéad uair riamh.

Le cúpla bliain anuas tá áit rialta ar an bhfoireann ag Niall Quinn agus d'éirigh leis cúl d'fháil i roinnt des na cluichí a d'imir sé leo. Ní hionadh gur imreoir maith é Quinn chun cúl d'fháil lena cheann. Tá sé 6' 4" ar áirde agus nuair a léimeann sé chun na liathróide bíonn sé go hárd os cionn na n-imreoirí ar fad.

Is i mBaile Átha Cliath a rugadh Niall Quinn agus bhí ana-shuim i gcónaí aige i sacar. D'imir sé iománaíocht chomh maith do Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ag imirt i gCluiche Ceannais Mionúir na hÉireann do Bhaile Átha Cliath i 1984 ach mo léan, chailleadar an lá san.

Is le Manchester City a imríonn Niall anois ach bhí sé ag imirt do Arsenal roimhe sin. Fuair sé cúl an chead lá riamh a d'imir sé do Arsenal i sraith-chomórtas Shasana i gcoinnibh Liverpool.

## Tom Cruise agus Nicole Kidman

An nóimeant a chonaic Tom Cruise Nicole Kidman sa scannán "Dead Calm" thaitin sí go mór leis. D'iarr sé uirthi páirt a ghlacadh i scannán a bhí sé ag déanamh. B'é sin "Day of Thunder". Agus is amhlaidh a cuireadh an pháirt isteach go speisialta do Nicole. Dochtúir is ea í ann.



Nuair a d'fhág Tom Cruise an baile dúirt sé lena thuismitheoirí go mbeadh sé thar n-ais muna n-éireodh leis i gcionn deich mbliana. Anois tá na deich mbliana caite agus réalt mór scánnán is ea é agus na milliúin púint déanta aige. Bhí sé sna scannáin "The Colour of Money" le Paul Newman agus in "Rainman" le Dustin Hoffman sul a raibh ceithre bliana fichid slánaithe aige.

Is ón Astráil Nicole Kidman agus phós sí féin agus Tom Cruise um Nollaig 1990. An fomhar seo caithe chríochnaíodar an dara scannán le chéile i gCorca Dhuibhne. Sin é "Far and Away".

## Liam Ó Maonlaoí



Tá aithne mhait anso i gCorca Dhuibhne ar an amhránaí Liam Ó Maonlaoí mar is minic a bhíonn sé 'nár measc agus é a' cur fé i dtigh a mhuintire i nDún Chaoin. Bhunaigh Liam agus Fiachna Ó Braonáin na Hothouse Flowers agus iad fós ar scoil, i Scoil Lorcáin, sa Charraigh Dhubh, i gCo. Bhaile Átha Cliath.

Ghlacadar páirt i Slógadh agus ní fada go raibh an bheirt ag seinm agus ag canadh ar shráideanna Bhaile Átha Cliath. Ag buscáil a bhíodar agus sé an t-ainm a thugadar orthu féin ná "The Incomparable Benzini Brothers".

D'éirigh go hiontach leis an mbuíon ceoil agus roghnaíodh iad i 1988 mar chuid den gclár teilifíse sa chomórtas amhránaíochta Eoraifíse. Bhí lucht féachanna de 200 milliún duine acu an oíche sin.

Chuadar ó neart go neart ó shin agus bhí na hamhráin dá gcuid "Love Don't Work This Way", "Don't Go", agus "Feet on the Ground" go hárd sna cairteanna in Éirinn, sa Bhreatain agus ar fud na nEorpa.

Siad an triúr eile atá sa bhuíon ceoil anois ná Peter O'Toole, Leo Barnes agus Gerry Fehilly. Bhí an t-amhránaí Maria Doyle leo uair amháin agus tá cáil bainte amach aici siúd ó shin chomh maith mar is aisteoir sa scannán "The Commitments" í.

## Ceisteanna

1. Cérbh é captaein na hÉireann sna cluichí i gCorn an Domhain i 1990?

2. Ainmnigh na cathracha éagsúla go n-imir Éire a gcluichí iontu i gCorn an Domhain san Iodáil i 1990.

3. Cén tír go bhfuair Niall Quinn cúl na gcoinnibh sa chomórtas céanna?

4. D'imir Niall Quinn iomáint do Bhaile Átha Cliath. Cé hé an t-imreoir sacair idirnáisiúnta a bhuaigh dhá bhonn Uile Éireann le Baile Átha Cliath?

5. Déanadh an scannán cáiliúil "Ryan's Daughter" i gCorca Dhuibhne i 1969-70. Ainmnigh ceathrar des na príomh-aisteoirí a bhí ann.

6. Cé stiúraigh an scannán úd "Ryan's Daughter"?

7. Cé hí an réaltóg chailiúil eile a thug cuairt ar Chorca Dhuibhne i 1991 (seachas Nicole Kidman)?

8. Ainmnigh dhá album de chuid na Hothouse Flowers.

9. Bhí dhá cheolchoirm ag na Hothouse Flowers i gCorca Dhuibhne le cúpla bliain anuas. Cá rabhadar ag seinm?

10. An féidir leat dhá amhrán Gaeilge de chuid Hothouse Flowers d'ainmniú?